Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Aibreán 2025
(OR. en)

6036/25

LIMITE

POLCOM 25
WTO 10
SERVICES 9
DATAPROTECT 28
TELECOM 38

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0015(NLE)

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6032/25 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála i ndáil leis an gComhaontú maidir le Ríomhthráchtáil a chur leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála<br>- Glacadh |

1. Chuir an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) leis an gcaibidlíocht le haghaidh Comhaontú maidir le Ríomhthráchtáil i mí Eanáir 2019. Rinne an Coimisiún an chaibidlíocht thar ceann an Aontais i gcomhréir leis an údarú agus an sainordú ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019[1]. Tháinig Comhaltaí rannpháirteacha EDT ar chomhaontú i ndáil le téacs an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthráchtáil an 26 Iúil 2024.

2. An 6 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag EDT i ndáil leis an gComhaontú maidir le Ríomhthráchtáil a chur leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála[2].

[1] ST 8993/19.
[2] ST 6032/25.

3. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 2 Aibreán 2025[1].

4. Phléigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Saineolaithe - Seirbhísí agus Infheistíocht) an dréachtchinneadh ón gComhairle an 12 agus an 26 Feabhra 2025, agus d'fhormhuinigh sé an 26 Márta 2025 é.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Dhomhanda Trádála i ndáil leis an gComhaontú maidir le Ríomhthráchtáil a chur leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6035/25 é; agus

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint.

---

1 ST 7780/25.



PUBLIC